2023/2200

20.10.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2200 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Deireadh Fómhair 2023

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'HCl Disinfecting Toilet Bowl Cleaner' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Bealtaine 2018, chuir SC Johnson Europe SARL iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ar údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha ar a dtugtar 'HCl Disinfecting Toilet Bowl Cleaner' de chineál táirge 2, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na hÍsiltíre meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-LA039435-53 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is é aigéad hidreaclórach an tsubstaint ghníomhach atá in 'HCl Disinfecting Toilet Bowl Cleaner', ar substaint é a áirítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineál táirge 2.

(3) An 25 Bealtaine 2022, rinne an t-údarás inniúil meastóireachta tuarascáil mheasúnachta agus conclúidí a mheastóireachta a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(4) An 15 Nollaig 2022, chuir an Ghníomhaireacht tuairim faoi bhráid an Choimisiúin ([2]), an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh 'Glantóir Dífhabhtaithe Soithigh Leithris HCl' agus an tuarascáil mheasúnachta deiridh ar an bhfine táirgí bithicídeacha, i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Is é conclúid na tuairime gur fine táirgí bithicídeacha atá in 'HCl Disinfecting Toilet Bowl Cleaner' de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur fine í atá incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a chomhlíonadh, go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) den Rialachán sin.

(6) An 10 Eanáir 2023, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh 'HCl Disinfecting Toilet Bowl Cleaner' a dheonú.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.
([2]) Tuairim ó ECHA an 24 Samhain 2022 maidir le húdarú an Aontais 'HCl Disinfecting Toilet Bowl Cleaner' (ECHA/BPC/370/2022), https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais darb uimhir údaraithe EU-0030299-0000 do SC Johnson Europe SARL chun an fhine táirgí bithicídeacha 'HCl Disinfecting Toilet Bowl Cleaner' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 9 Samhain 2023 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2033.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE hAGHAIDH TACAR TÁIRGÍ BITHICÍDEACHA

HCl Disinfecting Toilet Bowl Cleaner

Cineál táirge 2 – Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

Uimhir an údaraithe: EU-0030299-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0030299-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	HCl Disinfecting Toilet Bowl Cleaner

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 – Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	SC Johnson Europe Sàrl
	Seoladh	Z.A. la Piece 8, 1180 Rolle An Eilvéis
Uimhir an údaraithe	EU-0030299-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0030299-0000	
Dáta an údaraithe	PO: an 9 Samhain 2023	
Dáta éaga an údaraithe	PO: an 31 Deireadh Fómhair 2033	

1.4. **Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha**

Ainm an déantóra	SC Johnson Europlant BV
Seoladh an déantóra	PO Box 38, 3640 AA Mijdrecht An Ísiltír
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Groot Mijdrechtstraat 81, 3641 RV Mijdrecht An Ísiltír

1.5. **Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Aigéad hidreaclórach
Ainm an déantóra	SC Johnson Europe Sàrl
Seoladh an déantóra	Z.A. la Piece 8, 1180 Rolle An Eilvéis
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Ludwigstraße 12, D-47495 Rheinberg An Ghearmáin

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Aigéad hidreaclórach	Hydrochloric acid	Substaint Ghníomhach		231-595-7	6,0	6,0
2,2'-(octadec-9-enylimino) bisethanol	2-[(2-hydroxyethyl)[(9E)-octadec-9-en-1-yl]amino] ethan-1-ol	Substaint neamhghníomhach	25307-17-9	246-807-3	2,14	2,14
Alcohols, C13-15-branched and linear, ethoxylated	Alcohols, C13-15-branched and linear, ethoxylated (1-2,5 mol EO)	Substaint neamhghníomhach	157627-86-6		1,0	1,0
Diphenyl ether	1,1'-Oxybisbenzene	Substaint neamhghníomhach	101-84-8	202-981-2	0,0	0,0045

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL – Aon leacht eile

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE – SPC(ANNA) META

Meta SPC 1

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 1

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 1**

Aitheantóir	100 % Limescale

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 – Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

2. COMHDHÉANAMH META SPC 1

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Aigéad hidreaclórach	Hydrochloric acid	Substaint Ghníomhach		231-595-7	6,0	6,0
2,2'-(octadec-9-enylimino) bisethanol	2-[(2-hydroxyethyl)[(9E)-octadec-9-en-1-yl]amino] ethan-1-ol	Substaint neamhghníomhach	25307-17-9	246-807-3	2,14	2,14
Alcohols, C13-15-branched and linear, ethoxylated	Alcohols, C13-15-branched and linear, ethoxylated (1-2,5 mol EO)	Substaint neamhghníomhach	157627-86-6		1,0	1,0
Diphenyl ether	1,1'-Oxybisbenzene	Substaint neamhghníomhach	101-84-8	202-981-2	0,0	0,0045

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 1**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL – Aon leacht eile

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 1

Ráitis ghuaise	D'fhéadfadh a bheith creimneach do mhiotail. Ina chúis le dónna troma craicinn agus damáiste don tsúil. Díobhálach don saol uisceach le héifeachtaí buana.

Ráitis réamhchúraim	Má tá comhairle leighis de dhíth, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge in aice láimhe. Cinntigh nach féidir le leanaí lámh a leagan air. Ná hanálaigh gala. Nigh na lámha go maith tar éis láimhsithe. Glaoigh láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir láithreach. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN (nó gruaig): Bain na héadaí éillithe go léir láithreach.Sruthlaigh an craiceann le uisce. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh do bhéal. Ná SPREAG urlacan. MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. Nigh éadaí éillithe roimh athúsáid. Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin. Stóráil faoi ghlas. Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. Diúscair ábhar chuig a dhiúscairt go pointe bailithe dramhaíola guaisí nó speisialta i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 1

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Úsáid # 1 – Baictéiricíd - dífhabhtú babhla leithris os cionn an líne uisce - neamh-ghairmithe

An cineál táirge	PT02 – Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	–
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Gan sonraí Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: neamhbhainteach
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Dífhabhtán babhla leithris
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Doirteadh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cuir an táirge i bhfeidhm faoi imeall an bhabhla leithris chun an dromchla (os cionn an líne uisce) a chlúdach go hiomlán.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 60ml le haghaidh úsáid amháin sa bhabhla leithris. Airí caolaithe: Tá an táirge réidh le húsáid. Airí uainithe: Úsáid laethúil. Am teagmhála: 5 nóiméad ar a laghad.

Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal: Poileitiléin ard-dlúis, 750ml, teimhneach. Caipín Polapróipiléin Buinne: Poileitiléin ísealdlúis líneach Ceangal leanbh-dhíonach De réir Rialachán CLP tá gá le rabhadh tadhlach faoi chontúirt

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach bearta ginearálta maolaithe rioscaí.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ([1]) MAIDIR LE META SPC 1

5.1. **Treoracha úsáide**

Ardaigh an suíochán leithris. Chun an caipín a bhaint, brúigh an dá thaobh-dhromchla uigeachta agus díscriú go hiomlán. Doirt an bhuidéal leis an muineál a líonadh. Chun dífhabhtú os cionn an líne uisce, fáisc go cothrom chun an babhla iomlán a chótáil. Treoraigh (60 ml) glóthach leachtach faoin imeall agus lig dó suí ar feadh 5 nóiméad ar a laghad. Scuab an babhla ar fad agus sruthlaigh. Athchuir an chaipín agus dún go docht go dtí go gcloisfear clic inchloiste. Úsáid laethúil. Cloígh leis na treoracha úsáide.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Tá an pacáistiú deartha chun nochtadh tomhaltóirí a íoslaghdú. Tá ealaphíb ag an táirge le soc a dhíríonn ar an táirge go cruinn nuair a bhrúitear faoi imeall an leithreas.

Cuimsíonn treoracha úsáide na rabhaidh bhreise: Cuir an táirge faoi ghlas agus é á stóráil. Ná lig aon teagmháil leis an gcraiceann nó leis na súile. Cuir isteach ar imeall an leithreas amháin chun teagmháil leis an gcraiceann a sheachaint. Seachain stealladh. Nigh na lámha go maith tar éis láimhsithe. Coinnigh ach amháin i gcoimeádán bunaidh.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Má tá éileamh ar chomhairle leighis, bíodh gabhdán nó lipéad an táirge ar fáil.

MÁ SHLOGTAR AN TÁIRGE: Déan do bhéal a shruthlú láithreach. Tabhair rud éigin le hól, más féidir leis an té a nochtaithe ól. NÁ spreag an t-urlacan. Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil.

MÁ TÁ SÉ AR AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann láithreach le flúrise uisce. Ina dhiaidh sin, bain díot gach éadach truaillithe agus nigh iad sula n-athúsáidtear iad. Lean ar aghaidh ag nigh an craiceann le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

([1]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 1.

I gCÁS INA mBEIDH AN TÁIRGE SNA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain lionsaí tadhaill, más ann dóibh agus más éasca amhlaidh a dhéanamh. Lean ar aghaidh ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil.

I gCÁS INA n-ANÁLÓFAR AN GHAL: Cuir an duine amuigh faoin aer agus coinnigh ar a shuaimhneas é chun go mbeidh sé in ann análú go réidh éasca. Má tá comharthaí tinnis le feiceáil: Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil. Mura bhfuil aon comharthaí tinnis ann: Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ag deireadh na cóireála, déan an táirge neamhúsáidte agus an pacáiste a dhiúscairt de réir na gceanglas áitiúil.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Is é an seilfré 4 blina ag teocht an tseomra.

Coinnigh as teacht leanaí agus ainmhithe/peataí.

6. FAISNÉIS EILE

Lipéadú breise: -

Ná measc le tuarthóir nó le haon ghlantóirí tí eile.

Le húsáid i mbabhlaí leithris amháin.

< 5 % gníomhaí dromchlach neamhianach, dífhabhtáin, cumhrán.

7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 1

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	Duck® 100 % Anti-Limescale	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % Limescale Marine	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % Limescale Remover Marine	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % Anticalcar - detergent lichid pentru toaletă	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % Anticalcare Marine	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % Disincrostante	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % Kalkfri – Marine	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % Kalkfjerner – Marine	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % κατά των αλάτων	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % κατά των αλάτων – Marine	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % против котлен камък	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % odstraňovač vodného kameňa	Réimse margaidh: EU

	Duck® 100 % odstraňovač vodného kameňa – Marine	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % odstraňovač vodního kamene	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % odstraňovač vodního kamene – Marine	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % przeciw kamieniowi Marine – żel do czyszczenia i dezynfekcji toalet	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 %-tni uništavač kamenca Marine	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % vízkőoldó – WC tisztító folyadék	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % vízkőoldó marine – WC tisztító fertőtlenítő folyadék	Réimse margaidh: EU
	Canard® 100 % Anti-tartre	Réimse margaidh: EU
	Canard® 100 % Détartrant Marine	Réimse margaidh: EU
	Canard® 100 % Détartrant Marine/Canard® 100 % Kalkaanslagvernietiger Marine	Réimse margaidh: EU
	WC Ente® 100 % Anti-kalk	Réimse margaidh: EU
	WC Ente® 100 % ANTI-KALK Marine	Réimse margaidh: EU
	WC-EEND® Nr. 1 Ontkalker toiletreiniger Marine	Réimse margaidh: EU
	Pato® 100 % Anti-cal	Réimse margaidh: EU
	Pato® 100 % Anti-cal Marine	Réimse margaidh: EU
	Pato® 100 % Anticalcário	Réimse margaidh: EU
	Pato® 100 % Anticalcário Marine	Réimse margaidh: EU
	00 null null® Urinstein & Kalklöser	Réimse margaidh: EU
	00 null null® Urinstein & Kalklöser – Marine	Réimse margaidh: EU
Uimhir an údaraithe	EU-0030299-0001 1-1	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad hidreaclórach	Hydrochloric acid	Substaint Ghníomhach		231-595-7	6,0

2,2'-(octadec-9-enylimino) bisethanol	2-[(2-hydroxyethyl)[(9E)-octadec-9-en-1-yl]amino] ethan-1-ol	Substaint neamhghníomhach	25307-17-9	246-807-3	2,14
Alcohols, C13-15-branched and linear, ethoxylated	Alcohols, C13-15-branched and linear, ethoxylated (1-2,5 mol EO)	Substaint neamhghníomhach	157627-86-6		1,0
Diphenyl ether	1,1'-Oxybisbenzene	Substaint neamhghníomhach	101-84-8	202-981-2	0,0045

7.2. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	Duck® 100 % Limescale Citrus	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % Limescale Remover	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % Anticalcare Citrus	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % Anticalcar Citrus – detergent lichid pentru toaletă	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % Kalkfri – Citrus	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % Kalkfjerner – Citrus	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % κατά των αλάτων – Citrus	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % против котлен камък – Цитрус	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % odstraňovač vodného kameňa – Citrus	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % odstraňovač vodního kamene – Citrus	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % przeciw kamieniowi Citrus – żel do czyszczenia i dezynfekcji toalet	Réimse margaidh: EU

	Duck® 100 %-tni uništavač kamenca Citrus	Réimse margaidh: EU
	Duck® 100 % vízkőoldó Citrus – WC tisztító fertőtlenítő folyadék	Réimse margaidh: EU
	Canard® 100 % Anti-tartre Citrus	Réimse margaidh: EU
	Canard® 100 % Détartrant Citrus	Réimse margaidh: EU
	Canard® 100 % Anti-tartre – Fraîcheur Citron	Réimse margaidh: EU
	Canard® 100 % Détartrant Citrus/Canard® 100 % Kalkaanslagvernietiger Citrus	Réimse margaidh: EU
	WC Ente® 100 % ANTI-KALK Citrus	Réimse margaidh: EU
	WC-EEND® Nr. 1 Ontkalker toiletreiniger Citrus	Réimse margaidh: EU
	Pato® 100 % Anti-cal Citrus	Réimse margaidh: EU
	Pato® 100 % Anticalcário Citrus	Réimse margaidh: EU
	00 null null® Urinstein & Kalklöser – Citrus	Réimse margaidh: EU

Uimhir an údaraithe	EU-0030299-0002 1-1				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad hidreaclórach	Hydrochloric acid	Substaint Ghníomhach		231-595-7	6,0
2,2'-(octadec-9-enylimino) bisethanol	2-[(2-hydroxyethyl)[(9E)-octadec-9-en-1-yl]amino] ethan-1-ol	Substaint neamhghníomhach	25307-17-9	246-807-3	2,14
Alcohols, C13-15-branched and linear, ethoxylated	Alcohols, C13-15-branched and linear, ethoxylated (1-2,5 mol EO)	Substaint neamhghníomhach	157627-86-6		1,0